



Timpeallacht,  
Fiadhúlra  
agus Aeráid

# POLASAÍ GLAS

## ÓGRAS



DON GHAELGE • DON ÓIGE

2022





## Ráiteas Polasaí

Tá Ógras tiomanta do sheirbhís ghairmiúil agus éifeachtúil a chur ar fáil i dtacú le saorálaíocht i gclubanna agus gníomhaíochtaí óige Gaeilge.

Ag an am céanna tá an Domhan ag dul trí éigeandáil aeráide agus dhíothaithe ina bhfuil na daoine ag fulaingt agus ainmhithe agus plandaí ag imeacht go buan.

Tá forbairt daoine óga ina chuspóir lárnach ag Ógras, caithfimid aghaidh a thabhairt ar ár bpláinéad, ár dtimpeallacht agus todhchaí ár ndaoine óga.

Tá sé mar aidhm i gcónaí ag Ógras an tábhacht a bhaineann le hoidhreacht na tíre a chaomhnú do na glúnta atá le teacht.

An bhrí atá le “oidhreacht” anseo ná cultúr agus teanga cinnte – ach timpeallacht agus dúlra chomh maith.

Tá oll-tábhacht lenár mbaill, lenár gcinnirí agus leis an eagraíocht ina iomláine a dhíriú go práinneach ar cheartas aeráide, ar dhúlra na tíre agus ar thodhchaí daoine óga an domhain.

Beidh “**Smaoinigh go Domhanda. Gníomhaigh go hÁitiúil**” mar bhunús ar ár bpolasaí. Aithníonn Ógras an ról lárnach atá againn tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga rudaí praiticiúla a dhéanamh go logánta ag tógáil an domhain go léir san áireamh ag an am céanna.

**Cuireann an polasaí seo béim ar chaomhnú aeráide, fiadhúlra agus cultúir i gcomhthéacs domhanda ach le gníomh áitiúil.**



---

## Conas gur féidir leatsa gníomhú go háitiúil

---

### *Rudaí a mholann Ógras á déanamh le cabhrú leis an timpeallacht tríd gníomhú glas a chur i bhfeidhm:*

- Tóg bruscar abhaile tar éis imeachtaí agus fág aon ionad mar a bhfuair é.
- Múch na soilse nuair nach bhfuil aon duine sa seomra
- Siúil nó rothaíocht chuig imeachtaí nuair is féidir
- Busanna ar an méid ceart a úsáid le haghaidh imeachtaí
- Cosc ar channaí díbholaíoch ar thurais (moladh rollógach a úsáid ina ionad)
- Úsáid dlúth-gallúnaí seachas glóthach nó leacht
- Gan an iomarca uisce a úsáid ag imeachtaí – Cas as sconnaí uisce, ceathanna gearra, srl.
- Úsáid a bhaint as brúnna glasa nuair is féidir
- Úsáid a bhaint as ábhair in-athnuaite/in-athúsáidte agus inbhuanaithe le haghaidh duaiseanna m.sh. Rudaí a cheannach ón Siopa Leabhair, comhlachtaí áitiúil, gnóthais bheaga srl.

### *Ábhar a cheannach:*

- Cuirfidh Ógras béim ar rudaí **athchúrsáilte agus in-athchúrsáilte** a úsáid.
- Ceannóidh Ógras earraí **ó Éirinn** agus le hachar taistil ghearr chomh fada 's atá sin praiticiúil
- Déanfaidh Ógras **plaisteach aonúsáide** a sheachaint go hiomlán.
- Laghdóidh Ógras **ábhair clóite** in úsáid againn trí bhéim a chur ar theicneolaíocht dhigiteach.
- Déanfaidh Ógras **athchúrsáil** ar aon pháipéar in úsáid againn
- Bainfidh Ógras úsáid as **páipéar athchúrsáilte** nuair atá gá ábhair a chur i gcló.
- Bainfidh Ógras úsáid as ríomhairí agus ábhar oifige **athchúrsáilte** sa mhéid 'is gur féidir.

### *Oiliúint:*

- Cuirfidh Ógras **Clár Oiliúna Glas** ar fáil do bhaill.
- Beidh **mí speisialta** gach bliain ina gcuirfidh Ógras béim ar leith ar athrú agus ceartas aeráide.
- Glacfaidh Ógras páirt ghníomhach i **Lá na Cruinne (22 Aibreán gach bliain – Earth Day)** .
- Déanfaidh Ógras **oiliúint trí Ghaeilge** faoi athrú agus ceartas aeráide a



chur chun cinn i measc aos óg na tíre.

- Oibreoidh Ógras i dtreo a bheith **aitheanta mar churadh náisiúnta** timpeallachta agus obair óige
- Tacóidh Ógras le **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) na Náisiún Aontaithe** (Aguisín 3).
- Rachaidh Ógras ag lorg aitheantas do **Theastas Glas Ógras**, a thaispeánfaidh go bhfuil **Tionscnamh Glas** curtha i gcrích ag clubanna nó baill Ógras.
- Cuirfidh Ógras **acmhainní oideachais agus faisnéis maidir le cur amú bia a laghdú ar fáil**, agus éascóidh muid gníomhaíochtaí a spreagann baill agus ceannairí an méid bia a chuireann siad amú a laghdú go gníomhach agus múineoidh muid dóibh conas é sin a dhéanamh, m.sh. Comórtas a eagrú chun an oidis is fearr a chabhraíonn le gearradh siar ar chur amú bia a scríobh.

*Imeachtaí* (Samplaí le feiceáil in Aguisín 2):

- **Clubanna Ógras** – Eagróidh Ógras imeachtaí agus cluichí glas do bhaill clubanna agus campaí.
- **Imeachtaí Ógras:** Déanfaimid ár ndícheall ár ndúlra agus aeráid an Domhain a thógáil san áireamh inár gcampaí, turais lae srl.
- **Comórtais aeráide** – Eagróidh Ógras comórtais éagsúla glas dírithe ar bhaill Ógras agus daoine óga i gcoitinne.
- **Díospóireacht** – mar eagraíocht a chuireann béim speisialta ar chumarsáid, eagróidh Ógras imeachtaí ina ndéanfaidh daoine óga caint nó cur i láthair faoin aeráid, le béim ar cheartas aeráide.
- **Idirbhliain** – Rachaidh Ógras i gcomhpháirt le múinteoirí idirbhliana le hoiliúint aeráide a chur chun cinn.

*Acmhainní atá ar fáil ó Ógras – tuilleadh sonraí ar shuíomh Ógras - ogras.ie:*

- Polasaí Glas Ógras
- *Amuigh Faoin Aer* – clár oiliúna ar an dúlra agus an nádúr
- Físeán Cheartas Aeráide Ógras: *An Domhan* ([youtube.com/watch?v=UzUq\\_ewUtk4](https://youtube.com/watch?v=UzUq_ewUtk4))
- Comórtas Díospóireachta Ógras: *An Domhan!*
- Comórtas ealaíne faoi cheartas aeráide ([ogras.ie/aeráid](https://ogras.ie/aeráid))
- Bileog eolas faoi Éicibrící - PDF iomlán ar fáil ag [ogras.ie/ files/ugd/87f8cc\\_4689488e0d9a492da80fd69e27edbe7c.pdf](https://ogras.ie/files/ugd/87f8cc_4689488e0d9a492da80fd69e27edbe7c.pdf)
- Cártaí poist / íomhá faoi cheartas aeráide [ogras.ie/ogras-an-domhan](https://ogras.ie/ogras-an-domhan)
- Oiliúint Ríomhfhoghlaim/E-Learning Ógras: *An Domhain!*



## *Acmhainní eile atá ar fáil (Féach Aguisín 2)*

### *Comhoibriú agus urraíocht (Féach Aguisín 1):*

- Déanfaidh Ógras comhoibriú le heagraíochtaí / feachtais eile a chuireann oiliúint aeráide ar fáil.
- Beidh Ógras ina chrann taca do chláir oiliúna agus feachtais aeráide do dhaoine óga agus déanfaimid cinnte go bhfuil siad ar fáil as Gaeilge.
- Glacfaimid páirt i scéimeanna a chuireann an rialtas nó grúpaí eile ar fáil le cur lenár gcumas timpeallachta agus aeráide.
- Rachaidh Ógras ag lorg urraíocht ó fhoinsí éagsúla, poiblí agus príobháideach, áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta, le cur lena gcumas imeachtaí agus gníomhachas glas Ógras a fhorbairt.



---

## *Aguisín 1 – Samplaí & Míniúcháin*

---

- **Samplaí d'fhéidearthachtaí chomhpháirt le heagraíochtaí eile:**
  - Eagraíochtaí feachtasaíochta – m.sh. [EasyTreesie](#) (bunaithe ag iarbhall d'Ógras), [Global Campaign for PEACEducation](#), [Global Action Plan](#), eagraíochtaí bailiú bruscar, [Coistí Bailte Slachtmhara](#), [Dó Cent](#) agus ar uile.
  - Eagraíochtaí urraíochta – m.sh. Intel, Tesco, Microsoft, Facebook, Google agus comhlachtaí mhóra eile; Pobal, Coillte, Ranna rialtais agus eagraíochtaí stáit eile.
  - Eagraíochtaí le líonra – m.sh. Comhairle Náisiúnta na nÓg, [Irish Environmental Network](#),
  - Eagraíochtaí Gaeilge - m.sh. Seachtain na Gaeilge, Conradh na Gaeilge, Gael Linn, Gaelphobal, GaelGoers.

## Aguisín 2 – Acmhainní Úsáideacha

- **Lá an Domhain / Lá na Cruinne – Earth Day:**

Gach bliain déantar 22 Aibreán a cheiliúradh mar **Lá na Cruinne**. Úsáidtear imeachtaí ar Lá na Cruinne ar fud an domhain chun cabhrú daoine a mhúineadh ar conas gur féidir leo cabhrú lenár bpláinéid. Tuairiscíodh go ndéanann os cionn 1 billiún duine rud éigin ar Lá na Cruinne nó timpeall air gach bliain mar iarracht cuidiú leis an gcomhshaol.

Tuilleadh eolas ar Lá na Cruinne ag naisc thíos:

- **Cur síos iomlán ar Lá na Cruinne ar Global Campaign for Peace Education** (Gaeilge) – [peace-ed-campaign.org/ga/event/earth-day/2023-04-22](https://peace-ed-campaign.org/ga/event/earth-day/2023-04-22)
- **CUIRIMIS CRAINN!** – Gluaiseacht Ghlas Lá na Cruinne ar Nós.ie (Gaeilge) – [nos.ie/gniomhaiochas/comhshaol/cuirimis-crainn](https://nos.ie/gniomhaiochas/comhshaol/cuirimis-crainn)
- **Stair Lá na Cruinne** ar EFerrit.com (Gaeilge) – [ga.ferrit.com/stair-la-na-cruinne-2](https://ga.ferrit.com/stair-la-na-cruinne-2)
- **Lá Na Cruinne** ar Tristar History (Gaeilge) [ga.tristarhistory.org/earth-day](https://ga.tristarhistory.org/earth-day)
- **Our Toolkits** ar Earthday (Béarla) – <https://www.earthday.org/our-toolkits/>



- **Oideachas Forbartha:**

- **Cúnamh ó Éireann** – Clár an stáit le cúnamh a thabhairt do náisiúin eile:

*“Is é an aidhm atá lenár gclár cúnamh an bhochtaineacht agus*



*an t-ocras a laghdú, go háirithe san Afraic fho-Shahárach an áit is mó gátar. Trí thacú le forbairt fhadtéarmach agus cabhair dhaonnúil a sholáthar in os cionn ochtó tír thar ceann mhuintir na hÉireann, táimid ag cabhrú chun todhchaí níos fearr a thógáil do chuid de na pobail is boichte ar domhan.”*

– [irishaid.ie/ie/ceard-a-dheanaimid](http://irishaid.ie/ie/ceard-a-dheanaimid)

- **Irish Development Education Association** – líonra náisiúnta d'Oideachas Forbartha in Éirinn ag obair chun Oideachas Forbartha a neartú agus a chur chun cinn in Éirinn agus go hidirnáisiúnta le traenáil, ócáidí, ballraíocht agus a thuilleadh – [ideaonline.ie](http://ideaonline.ie)
- Neart acmhainní & treoir faoi oideachas forbartha ar fáil ar **Development Education** [developmenteducation.ie](http://developmenteducation.ie)
- **Global Campaign for PEACEducation** –  
*“An foinse agus an pobal le haghaidh nuachta, tuairimí, taighde, beartas, acmhainní, cláir agus imeachtaí ar fud an domhain maidir le hoideachas síochána”*  
– [peace-ed-campaign.org/ga](http://peace-ed-campaign.org/ga)
- **Coistí Bailte Slachtmhara**  
*“Ba é an Comórtas Náisiúnta a bhí mar chnámh droma ag na Bailte Slachtmhara i gcónaí, ach téann spiorad na mBailte Slachtmhara i bhfad níos doimhne ná sin i sochaí na hÉireann. Tá cuid mhaith daoine sa lá atá inniu ann nach bhfuil fiú ar an eolas go raibh na Bailte Slachtmhara ceangailte ar dtús le haon chomórtas amháin a bhí á eagrú ag Bord Fáilte, Bord Fáilte Éireann, ar feadh 37 bliana, agus gurb í an Roinn Comhsaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil atá á eagrú anois.”*  
– [tidytowns.ie/ga](http://tidytowns.ie/ga)
- **Crann: Trees for Ireland** - Acmhainn faisnéise faoi chrainn in Éirinn le neart ar an suímh lena n-áirítear faisnéis ar reachtaíocht, bunachar sonraí do chrainn na hÉireann agus go leor eolais úsáideach eile do dhaoine a bhfuil grá acu do chrainn – [crann.ie](http://crann.ie)
- **EasyTreesie** – Comhghrúpa deonach déanta suas de dhaoine aonair, scoileanna agus cumainn, tiomanta do chuidiú sa troid i gcoinne athrú aeráide as crainn a phlandáil (bunaithe ag iarbhall d’Ógras!).  
*“Now in our third challenging planting season, Easy Treesie is on track to reach our goal: 1M trees planted by 2023-4 with Ireland’s 1M Irish schoolchildren and their communities.”*



- **Saotharlann** – Suímh lán le léaráidí, féilirí srl. Gaeilge, bunaithe ag Kaytria Stauffer



– Íomhá samplach do léaráidí ar fáil ar [saotharlann.com](http://saotharlann.com)

### Aguisín 3 – Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Tá **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI)** na Náisiún Aontaithe tar éis sraith uilíoch cuspóirí domhanda a chur ar fáil dúinn, mar aon le creat comhaontaithe inar féidir linn sochaí níos fearr a thógáil ina mbeidh gach duine ar chomhchéim.



Léigh tuilleadh faoi na Spriocanna Domhanda

ag [globalgoals.org](http://www.globalgoals.org) agus [globalactionplan.ie](http://www.globalactionplan.ie)



### **Cruthú an Pholasaí**

<b>Dáta a cruthaíodh an polasaí seo</b>	Meán Fómhair 2022
---	-------------------

### **Sínithe**

	<b>Ainm agus Post</b>	<b>Síniú</b>
<b>Faofa ag</b>	Maedhbh Ní Dhónaill - Stiúrthóir Ógras	
<b>Faofa ag</b>	Anita Nic Amhlaoidh, Cathaoirleach Ógras	

### **An Dáta Athbheithnithe**

<b>Dáta a ndéanfar athbheithniú ar an bpolasaí seo</b>	Deireadh Fómhair 2025
--	-----------------------

### **Freagrach as cur i bhfeidhm an pholasaí**

**Beidh Bord Stiúrtha agus Bainistíocht Ógras freagrach as cur i bhfeidhm an pholasaí.**